


Ó c-d: Séamus Ó Cinnéide(Cathaoirleach ar an NSAI), Paul Hetherington (Bainisteoir NML) agus Geraldine Larkin (POF NSAI)

# 2022 Athbhreithniú ar an mBliain

NSAI

Rialtas na hÉireann
Government of Ireland


NSAI
NSAI.ie
FSSC 22000

# Innéacs

## Sa tuarascáil seo...

Intreoir 4

Uimhreacha a bhaineann le 2022 5

*Maidir le Caighdeáin*

*Maidir le tomhas eolaíoch*


*Maidir le deimhniúcháin*

*Maidir le méadreolaíocht dhlíthiúil*

Teachtaireacht ónár gCathaoirleach & POF 7

Súil siar ar chuid dár mbuaicphointí ó 2022 8

Forbhreathnú Straitéiseach & Beartais 2022 10
***Ár gcuid oibre a chur i gcomhthéacs***



*Feabhsú gnó agus nuálaíocht á gcur chun cinn do thodhchaí na hÉireann*

Is é an tÚdarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann (NSAI) comhlacht oifigiúil caighdeán na hÉireann a bhíonn i mbun nuálaíochta chun todhchaí níos sábháilte, níos fearr agus inbhuanaithe a mhúnlú.

Le breis agus 25 bliain anuas, tá seirbhísí caighdeánaithe, deimhnithe agus tomhais den chéad scoth á soláthar againn thar ceann an stáit, ag feidhmiú faoin Acht Údarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann (1996).

Ag tuairisciú don Aire Gnóthaí Fostaíochta agus Gnó Miondíola sa Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, is comhpháirtí feabhsaithe gnó sinn — ag cabhrú le gnólachtaí na hÉireann a bheith nuálach agus ag fás ar ardán domhanda.

Baineann fiontair bheaga agus mheánmhéide na hÉireann agus gnólachtaí ilnáisiúnta araon úsáid as ár seirbhísí; tá ár gcliaint i 30 tír.

Is é bun agus barr ár gcuid oibre ná tacú le gnólachtaí Éireannacha trí chabhrú leo tabhairt faoi nuáil, dul san iomaíocht, comhlíonadh agus feabhas leanúnach a chur orthu.



# Uimhreacha a bhaineann le 2022*....

* Foinse: Déantar Céatadáin an NSAI a luaitear a ríomh trí úsáid a bhaint as figiúirí comhfhreagracha ó 2021.

## Maidir le Caighdeáin

**1,725** +29.1%
caighdeán foilsithe

**313,082** +49%
caighdeán a ndearnadh amharc orthu/íoslódáilte

**196** +100%
Cuireadh fáilte roimh 196 comhalta nua don choiste

## Maidir le tomhas eolaíoch
### (Saotharlann Náisiúnta Méadreolaíochta)

**540**
lá taighde curtha i gcrích ag eolaithe tomhais do chláir taighde Eorpacha

**5,300** +11.3%
deimhniú calabrúcháin eisithe ag NML do níos mó ná 500 cuideachta

**20**
cúrsa oiliúna NML soláthartha, ar fhreastail 60 comhlacht Éireannach orthu

# Maidir le Deimhniúcháin

[tríd NSAI and NSAI Inc]

**475**
iniúchadh ar láithreáin feistí leighis curtha i gcrích

**3,298**
iniúchadh ar an gcóras bainistíochta curtha i gcrích

**828**
táirge foirgníochta formheasta

**308**
suiteálaí inslithe cláraithe

**8,527**
táirge mótarfheithicle ceadaithe

# Maidir le Méadreolaíocht Dhlíthiúil

**7,984** **+47%**
áitreabh ar tugadh cuairt orthu ar fud na hÉireann

**22,636** **+43.7%**
ionstraimí trádála a bhfuil iniúchadh déanta orthu
*[Áirítear cigireachtaí tacsaí sna figiúirí thuas, mar gheall ar mhéaduithe ar tháillí tacsaí a tugadh isteach in 2022]*

# Teachtaireacht ónár **gCathaoirleach & POF**







Ag an NSAI, déanann ár bhfoireann thiomanta difríocht gach lá trí thacú le nuálaíocht ar mhaithe le todhchaí níos sábháilte, níos fearr agus inbhuanaithe.

In 2022, rinneamar comóradh 25 bliana ó bunaíodh muid trínár bPlean Straitéiseach 2022-2026 a sheoladh, plean a léiríonn, ina chroílár, príomhthosaíochtaí an rialtais agus an AE.

Ag eascairt as ár ionchuir ar son an bPlean Gníomhaithe ar son na hAeráide, le Tithíocht do Chách agus leis an Straitéis Náisiúnta Dhigiteach, tá torthaí ár rannpháirtíochta ar fud an rialtais ó thaobh luacha agus tionchar na bhforbairtí caighdeán de, níos feiceálaí.

Molann go leor straitéisí Rialtais* a foilsíodh le déanaí an méid a chuireann caighdeáin agus forbairt caighdeán, ó thaobh tacú de, le fiontraíocht agus taighde na hÉireann.

Bliain chinniúnach a bhí in 2022 maidir le caighdeáin; ó foilsíodh an Straitéis Eorpach um Chaighdeánú i mí Feabhra 2022, tugadh tús áite agus fócas suntasach athnuaite do ghníomhaíochtaí Eorpacha um chaighdeánú. Tá caighdeánú ar chlár oibre an lucht ceaptha beartas ag na leibhéil is airde.

Ag an leibhéal náisiúnta, rinne os cionn 300,000 úsáideoir rochtain ar chaighdeáin trínár gcatalóg ar líne in 2022. Baineann mó ná 28,500 caighdeán éagsúil lenar gcatalóg anois, agus foilsíodh 1,725 díobh anuraidh.

Chríochnaigh Feistí Leighis NSAI bliain ghnóthach agus an-rathúil le formheas roinnt feistí leighis atá ríthábhachtach maidir le sábháilteacht othar. Moladh freisin go n-ainmneofaí NSAI mar chomhlacht dá dtugtar fógra dó faoi Rialachán (AE) 2017/746 maidir le Feistí Leighis Diagnóiseacha In Vitro, rud a fhágann go bhfuilimid ar cheann de na deich gcomhlacht dá dtugtar fógra dó san Eoraip.

Lean ár gcuid oibre i bhFeabhas Gnó de bheith ag tacú le FBManna na hÉireann, go háirithe i réimsí ríthábhachtacha amhail an claochlú digiteach, an tslándáil faisnéise agus an chibearshlándáil. Táimid ag obair go dian chun ár gcumas a fhorbairt le bheith ina Chomhlacht Deimhniúcháin ainmnithe faoin Acht um Chibearshlándáil, chun tacú le hÉirinn a hoibleagáidí a chomhlíonadh faoi na rialacháin nua seo. Anuraidh, d'fhorbraíomar comhpháirtíocht nua Eorpach le A4CEF chun caighdeáin chibearshlándála a chur chun feidhme trí dheimhniú.

Sna Stáit Aontaithe, ba bhliain thorthúil í 2022 do NSAI Inc. Tháinig méadú suntasach ar líon na láithreán feistí leighis agus na suíomhanna deimhniúcháin córas bainistíochta a cláraíodh ar fud na gclár ar fad.

Idir an dá linn i margadh na Ríochta Aontaithe, d'éirigh le NSAI Certification UK a iniúchtaí measúnaithe a rith as a chuid oibre faoin marc UKCA le haghaidh Foirgníochta, Ionstraimí Tomhais agus Ionstraimí Meáchain Neamh-Uathoibríocha.

Bhí éileamh suntasach ar ár Saotharlann Náisiúnta Méadreolaíochta (NML) le linn 2022. Faoi dheireadh na bliana, chríochnaigh foireann NML níos mó ná 5000 calabrú de chastacht éagsúil agus chlúdaigh siad raon leathan tionscal. Chuir an obair seo inrianaitheacht riachtanach ar fáil do thionscal na hÉireann agus rinneadh í ar an gcaighdeán is airde.

Rinneadh cigireachtaí dlíthiúla leanúnacha méadreolaíochta le linn 2022. Rinne an rannán breis agus 22,000 cigireacht ar ionstraimí agus beagnach 8,000 cuairt ar thrádálaithe i mbliain féilire. Rinne an fhoireann tástáil ar gach clár tacsaiméadair in am trátha,chun tacú leis an táille nua tacsaí 2022 a thabhairt isteach.

Agus muid ag breathnú siar le bliain anuas, agus go deimhin le cúig bliana is fiche anuas den NSAI, tá sé ríthábhachtach dúinn tógáil ar na buaicphointí seo lena chinntiú go leanfaimid de chlár oibre forásach a chur chun cinn maidir le saincheisteanna amhail poist amach anseo, tithíocht do chách, athrú aeráide, inbhuanaitheacht agus caighdeáin don todhchaí.

* Straitéis 'Tionchar 2030 — Taighde agus Nuálaíocht' na Roinne Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta agus 'Beartas Fiontraíochta' nua na Roinne Fiontar, Trádála agus Fostaíochta'

# Súil siar ar chuid dár mbuaicphointí ó 2022...

**Eanáir 2022**
D'fhógair NSAI a chomhpháirtíocht le hInstitiúidí Taighde RISE na Sualainne, ag tacú le gairmithe nuálaíochta. Cuireadh seimineár gréasáin ar fáil do pháirtithe leasmhara maidir le Taighde Hidrigine agus caighdeáin idirnáisiúnta, i gcomhthéacs gníomhú ar son na haeráide.

---

**Feabhra 2022**
Rinne NSAI ceiliúradh ar ***Lá Idirnáisiúnta na mBan agus na gCailíní san Eolaíocht***. D'fhorbair NSAI comhpháirtíocht nua Eorpach le A4CEF chun caighdeáin chibearshlándála a chur chun feidhme trí dheimhniú. Seoladh I.S 399 — an caighdeán bainistíochta dearadh tíosach ar fhuinneamh.

---

**Márta 2022**
Seoladh feachtas #NSAICertified chun na 200+ eagraíocht a bhain deimhniú amach do chaighdeáin idirnáisiúnta a chur ar taispeáint. Rinneadh seimineár gréasáin a óstáil ar 'Deiseanna atá ag teacht chun cinn maidir le caighdeáin a dhearadh dár dtimpeallacht thógtha: folláine, cuimsiú agus Dearadh Uilíoch'.

---

**Aibreán 2022**
Agus é 25 bliana ó bunaíodh é, sheol NSAI a Phlean Straitéiseach 2022-26 go hoifigiúil, plean atá dírithe ar nuáil a dhéanamh chun todhchaí níos sábháilte, níos fearr agus inbhuanaithe a mhúnlú. Ag ceiliúradh na nuálaíochta i bhFiontair Bheaga agus Mheánmhéide na hÉireann, rinne NSAI urraíocht ar an gcatagóir 'Nuálaí na Bliana' ag Gradaim Náisiúnta Ghnólachtaí Beaga an SFA.

---

**Bealtaine 2022**
***Ceiliúradh Lá Domhanda Méadreolaíochta*** le téama Ré Digiteach. I gcás gnólachtaí atá ag iarraidh táirgí a chur ar an margadh sa Bhreatain Mhór nó i dTuaisceart Éireann, d'óstáil NSAI seimineár gréasáin maidir le marcáil UKCA agus marcála UKNI.





**Meitheamh 2022**
D'éirigh le NSAI Certification UK a iniúchtaí measúnaithe a rith as a cuid oibre faoin marc UKCA in earnálacha áirithe. D'fhreastail NSAI ar an 34ú Comhthionól Ginearálta IQNET. Rinne an rannán Deimhniúcháin ceiliúradh ar ***Lá Domhanda Sábháilteachta Bia***.

**Iúil 2022**
Tháinig comhpháirtithe tionscadail A4CEF, Cuideachta Deimhniúcháin Red Alert Labs na Cipire agus Údarás Slándála Digití na Cipire le chéile in oifigí an NSAI i mBaile Átha Cliath.

**Lúnasa 2022**
Chuir NSAI fáilte roimh ionadaithe ó chlár Comhaltachta ELITE-S Ionad ADAPT le haghaidh lá comhoibrithe agus comhchruthaithe.

**Deireadh Fómhair 2022**
Rinne NSAI ceiliúradh ar ***Lá Domhanda Sábháilteachta Othar*** agus lorg sé ionchur an phobail ar Chaighdeán Bainistíochta Eagraíochta Cúraim Sláinte ISO/DIS 23447 maidir le feidhmíocht agus comhlíonadh sláinteachais láimh.

**Meán Fómhair 2022**
Ceiliúradh ***Lá na gCaighdeán Domhanda*** le dámhachtainí ag an NSAI. Tionóladh Ceardlann Bithbhaincéireachta an NSAI & an Bhoird Taighde Sláinte (HRB) ar I.S EN ISO 20387.

**Samhain 2022**
Bhí ceardlann Gairmithe Óga IEC ar siúl in San Francisco. Bhí ionadaíocht ag an NSAI ag UNECE: An Mheitheal um Bheartais um Chomhar Rialála agus um Chaighdeánú sa Ghinéiv chun Treoirlínte a sheoladh maidir le Caighdeáin Fhreagrúla Inscne a Fhorbairt.

**Nollaig 2022**
Reáchtáladh feachtais feasachta le haghaidh 'Bígí Deimhnithe' agus Áitreabh Ceadúnaithe don Mhéadreolaíocht Dhlíthiúil. Bhí ionadaíocht ag NSAI ag expo bia do chur chun cinn FSSC 22000 i nDeimhniú.

# Ár gcuid oibre a chur i gcomhthéacs

## Forbhreathnú Straitéiseach & Beartais 2022

Bliain thábhachtach forbartha agus fáis don NSAI a bhí in 2022 nuair a seoladh ár bplean straitéiseach nua 2022-2026: 'Tabhairt faoi nuálaíocht chun todhchaí níos sábháilte, níos fearr agus inbhuanaithe a mhúnlú'.


Léiríonn spriocanna straitéiseacha NSAI cé chomh fairsing agus domhain is atá an t-eolas laistigh den eagraíocht, a chuimsíonn go leor beartas náisiúnta. Áirítear orthu sin fás FBManna, gníomhú ar son na haeráide, claochlú digiteach, fás na teicneolaíochta leighis, agus gealltanais a chomhlíonadh faoi bheartas an Rialtais maidir le Tithíocht do Chách.


I gceann de phríomhthionscadail straitéiseacha an NSAI, ***Tacú le Fás Eacnamaíoch Náisiúnta agus FBManna***, forbraíodh uirlisí féinmheasúnaithe do phríomhchaighdeáin chórais bhainistíochta (ISO 9001 — córais bhainistíochta cáilíochta agus ISO 27001 — córais bainistíochta slándála faisnéise) lena n-úsáid ag FBManna Éireannacha.

Faoi ***Tithíocht do Chách***, thairg NSAI deimhniúcháin ar an gcéim tógála agus síniú amach ar mhodhanna nua-aimseartha táirgí tógála (MMC) chomh maith le comhlíonadh suiteáil córas tógála faoi rialacháin tógála. D'fhoilsigh an NSAI an treoir maidir le deimhniú Agrément le haghaidh modhanna tógála nua-aimseartha, faoi Tithíocht do Chách.

Trí sheirbhísí bonneagair theicniúil a sholáthar le haghaidh teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn, modhanna tógála ísealcharbóin agus nua-aimseartha, oiriúnú don athrú aeráide, gabháil carbóin, agus úsáid breoslaí malartacha, tá tacaíocht iomlán tugtha ag NSAI do sheachadadh beartas Eorpach agus náisiúnta faoin ***bPlean Gníomhaithe ar son na hAeráide***. Lean NSAI freisin de sheirbhís iniúchta agus fíoraithe lorg carbóin a thairiscint do ghnólachtaí agus réimse scéimeanna fuinnimh agus comhshaoil ISO.







NSAI
FSSC 22000



**NSAI on-line**
Éire: www.nsai.ie
Ríocht Aontaithe: www.nsai.uk
Stáit Aontaithe Mheiriceá: www.nsaiinc.com

**NSAI ar na meáin shóisialta**

www.twitter.com/nsai_standards

www.instagram.com/nsai_standards

www.facebook.com/NSAIstandards

www.linkedin.com/company/national-standards-authority-of-ireland

**Ceannceathrú NSAI**
National Standards Authority of Ireland, 1 Swift Square, Northwood, Santry, Dublin 9, Ireland. D09 A0E4